


Cód Cleachtais



Cód Cleachtais idir Coillte agus an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil



coillte





Réamhrá

Tá an-áthas orm an Cód Cleachtais seo idir Dúchas, Seirbhís Oidhreachta mo Roinne, agus Coillte a chur os bhur gcomhair. Is ráiteas dearfach é seo ó Coillte maidir lena thacaíocht i gcás chaomhnú ár n-oidhreachta seandálaíochta. Cur chuige comhpháirtíochta a mholann an Cód seo, a chuireann ar chumas Coillte a chuid foraoisí a

bhainistiú gan tábhacht ár n-oidhreachta seandálaíochta a fhágáil as an áireamh.

Is é Coillte an t-úinéir aonair talún is mó sa tír, agus is úinéir é ar acmhainn shaibhir seandálaíochta dá bharr sin. Sa bhliain 2001, bhí 1,371 láithreán agus séadchomhartha aitheanta le fáil ar thalamh Coillte ar fud na tíre. Seans maith nach bhfuil san uimhir seo ach líon beag de na láithreáin uile atá ann, mar go dtagtar ar go leor láithreán nua le linn oibreacha foraoiseachta ar nós plandála agus leagan crainn. Léiríodh díongbháilteacht Coillte a chuid acmhainní seandálaíochta a chaomhnú sna blianta 2001 agus 2002 nuair a thángthas ar 25 láithreán nua nach raibh aon taifeadadh déanta orthu roimhe sin le linn gnáthoibreacha foraoiseachta. Cabhróidh an Cód seo, táim cinnte, le caomhnú na láithreán seo agus ag an am céanna, cuirfidh sé go mór leis an eolas atá againn ar sheanchultúr na hÉireann.

Tugann rath na gCód Cleachtais a aontaíodh le Bord an Móna, leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, le Bord Gáis agus le Conaidhm Concréite na hÉireann roimhe seo spreagadh d'eagraíochtaí forbartha eile. Ag tógáil ar na comhaontais seo, léiríonn an Cód seo nár ghá go dtiocfadh cúrsaí forbartha agus cúrsaí caomhnaithe salach ar a chéile. Is suntasach an ní é gur éirigh leis na Cóid seo muinín chómhálartach a chruthú idir na grúpaí a bhí i gceist.

Ní mór an comhshaol agus ár n-oidhrecht a chur san áireamh agus a chosaint agus an clár reatha forbartha bonneagair á chur i bhfeidhm. Trí ghlacadh leis an gCód seo, tá Coillte ag aithint thábhacht an chaomhnaithe agus an obair thábhachtach a dhéanann sé á cur i gcrích aige.

Máirtín Ó Cuilinn

An tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil

Cód Cleachtais



Teachtaireacht ó Phríomh- fheidhmeannach Coillte

Tá an-áthas ar Coillte Teoranta, Bord Foraoiseachta na hÉireann, an Comh-Chód Cleachtais seo leis an Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil a sheoladh. Tá an comhlacht díong-bháilte ina iarracht a chinntiú go gcaomhnaítear ár n-oidhreacht seandálaí-ochta le go mbeidh na glúnta a thagann inár ndiaidh in ann taitneamh a bhaint aisti.

Is é Coillte an t-úinéir talún is mó in Éirinn. Tá níos mó ná 442,000 heachtár talún inár n-eastát agus tá crainn curtha ar 86% de sin. Is é polasaí Coillte na láithreáin seandálaíochta aitheanta uile a fhaightear ar ár n-eastát a chaomhnú de réir Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 agus 1994. Cloimid freisin le Treoirínte Foraoiseachta agus Seandálaíochta na Seirbhíse Foraoiseachta. Anuas air seo, tá na 1,371 séadchomharthaí seandálaíochta aitheanta atá le fáil ar ár n-eastát mapáilte ar ár gCóras Eolais Tíreolaíochta. Neartóidh an Cód Cleachtais nua seo na córais atá i bhfeidhm againn cheana féin leis an tseandálaíocht a chaomhnú.

Sa bhliain 1998, ghlac Coillte chuige féin prionsabal na bainistíochta caomhnaithe foraoiseachta, agus sa bhliain 2001 fuair sé teistiméireacht ón Forest Stewardship Council, a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige, go ndéantar bainistiú maith ar ár gcuid foraoisí de réir dhianchritéir chomhshaoil, eacnamaíochta agus shóisialta. Is cuid lárnach den phróiseas seo é caomhnú ár n-oidhreacht seandálaíochta agus cultúrtha. Is le linn oibreacha ar nós plandála agus leagan crainn is mó a bhíonn séadchomharthaí i mbaol, agus sa chomhthéacs seo, déantar measúnú roimh na hoibreacha uile agus cuirtear forálacha caomhnaithe i bhfeidhm más gá. I measc ghníomhartha Coillte le cinntiú go gcaomhnaítear séadchomharthaí, cuirtear cláíochta timpeall ar na séadchomharthaí, tógtar cosáin rochtana agus leagtar crainn atá ag fás go róghar do na séadchomharthaí.

Fáiltimid roimh an gCód Cleachtais seo, a d'fhorbair Coillte agus an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil le chéile agus táimid ag glacadh go díongbháilte leis na treoirínte atá leagtha síos ann le cinntiú go gcaomhnaítear ár n-oidhreacht.

Martin D. Lowery
Príomhfheidhmeannach



Réamhrá

Is í aidhm an Chóid seo creatlach a sholáthar taobh istigh de reachtaíocht agus de pholasaithe atá ar fáil cheana féin le cur ar chumas Coillte bainistíocht a dhéanamh ar a chuid foraoisí i mbealach a chinntíonn cosaint oidhreacht seandálaíochta an Stáit.

Cuireann an Cód san áireamh polasaí an Aire Chomhshaoil agus Rialtais Áitiúil, a léiríodh sa Chreatlach agus Prionsabail i gcomhair Chaomhnú na hOidhreacht Seandálaíochta (1999), na meicníochtaí reachtúla faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-1994) i gcomhair chaomhnú séadchomharthaí agus láithreán seandálaíochta agus Plean Náisiúnta Forbartha 2000-2006.

Tá an cód bunaithe ar na prionsabail agus gníomhartha aontaithe seo a leanas.

Tá an cód bunaithe ar na prionsabail aontaithe seo a leanas:

1. Tá de dhualgas ar an Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ár n-oidhreacht seandálaíochta a chosaint agus cumhachtaí caomhnúcháin a úsáid faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-1994 agus de réir an Choinbhinsin Eorpaigh i gcomhair Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta.
2. Tá freagracht ar Coillte i leith an tionscail phríoiseála adhmaid.
3. Tá impleachtaí suntasacha ag oibreacha foraoiseachta i gcás na seandálaíochta agus ní mór suntas a thabhairt dó seo de bharr gur acmhainn neamh-inathnuaite í an oidhreacht seandálaíochta.
4. Cuirfidh Coillte maoiniú ar fáil i gcomhair fiosruithe seandálaíochta mar ghné riachtanach de na costais a bhíonn i gceist le bainistiú foraoiseachta de réir an phrionsabail 'íocann an forbraitheoir', agus de réir pholasaí an Aire atá leagtha síos roimhe seo.
5. Glacann Coillte leis gurb é an modh oibre is fearr é gach iarracht a dhéanamh tionchar díreach ar an tseandálaíocht a sheachaint, ag cur impleachtaí dearaidh agus sabháilteachta san áireamh.
6. Is í an pháirtíocht idir Coillte agus an tAire an cur chuige is fearr le caomhnú na hoidhreachta seandálaíochta a chinntiú mar chuid de bhainistiú foraoiseachta.





7. Aontaíonn an dá pháirtí go laghdaíonn pleanáil mhaolaitheach an tionchar a bhíonn ar an oidhreacht seandálaíochta. Sa chomhthéacs seo tá próiseas meastóireachta tionchair chomhshaoil i bhfeidhm ag Coillte cheana féin le caomhnú na nithe seo a chinntiú.
8. Coimeádann gach páirtí an ceart achomharc a iarraidh in aghaidh cinnidh.
9. Aontaíonn an dá pháirtí go mbunófar foireann chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidmiú an Chóid Chleachtais seo agus chun athbhreithniú foirmeálta a dhéanamh air laistigh den chéad bhliain dá fheidmiú agus ag amanna socraithe ina dhiaidh sin.



Gníomhartha Aontaithe

Déanfaidh an tAire (trí Dúchas, an tSeirbhís Oidhreachta de chuid na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil) na nithe seo a leanas:

1. Cinnteoidh an tAire go ndéanfar próiseáil thapaigh ar iarratais i gcomhair ceadúnas leagan crainn agus athchoilleoireachta, ag cur chlárana bainistíochta agus coilleoireachta Coillte san áireamh.
2. Cuirfidh an tAire córas tapaidh i bhfeidhm le hiarratas a phróiseáil i gcásanna éigeandála a thagann i gceist de bharr cuinsí nach raibh súil leo.
3. Socróidh an tAire clár cuí le seandálaí Coillte i gcomhair fiosruithe seandálaíochta, monatóireachta seandálaíochta nó seift seandálaíochta eile ag gach céim de phróiseas na bainistíochta foraoiseachta.

4. Leagfaidh an tAire síos critéir le láithreáin agus le ceantair le hacmhainn mhór seandálaíochta a aithint, critéir a thabharfaidh le fios méid na tochairle seandálaíochta a bheidh le déanamh.
5. Tabharfaidh an tAire freagra taobh istigh de cheithre seachtaine ar mheastóireachtaí tionchair chomhshaoil agus ar aon mholtaí a dhéantar iontu le cabhrú le Coillte oibreacha a chur i bhfeidhm ar nós plandála agus leagan crainn laistigh de chlárana a fheileann don dá dhream.
6. Socróidh an tAire straitéis pheanála maidir le hiarratais ceadúnais leagan crainn a chuirfidh ar chumas Coillte straitéisí a pheanáil i bhfad roimh spriocdhátaí agus riachtanais seandálaíochta a chur san áireamh.
7. Eiseoidh an tAire treoirleinte ar mhéid na hoibre ar féidir a dhéanamh ar láithreáin a aithnítear faoi cheadúnas monatóireachta, le cabhrú le foirmealú iarratas ceadúnais agus ráiteas modheolaíochta do thochailtí iomlána.





Déanfaidh Coillte na nithe seo a leanas:

1. Cloifidh Coillte leis na treoirlínte atá leagtha síos ag an tSeirbhís Foraoiseachta maidir le Foraoiseacht agus Seandálaíocht Iúil 2000, leasuithe a rinneadh ina dhiaidh sin, agus doiciméid pholasai san áireamh.
2. Ceapfaidh Coillte, nó cinnteoidh sé go gceapfar, seandálaí a dhéanfaidh comhordnú ar mhíreanna seandálaíochta uile oibreacha foraoiseachta.
3. Rachaidh Coillte i gcomhairle leis an Aire le cinntiú go bhfuil a dhóthain ama aige le freagra a thabhairt ar staidéir sheandálaíochta a ullmhaíodh i gcomhair tionscnamh foraoiseachta.
4. Déanfaidh Coillte scrúdú ar thionchar seandálaíochta aon phleananna foraoiseachta atá molta ag na céimeanna luatha pleanála le cabhrú i roghnú na láithreán forbartha, ag cinntiú go gcuirtear ceisteanna seandálaíochta san áireamh agus an modh oibre is feiliúnaí a roghnú, le go mbeidh a laghad cur isteach agus is féidir ar láithreáin aitheanta seandálaíochta nó ar cheantair a bhfuil acmhainn seandálaíochta iontu.
5. Ceapfaidh Coillte, nó cinnteoidh sé go gceapfar, seandálaí cuícháilithe a phléifidh leis an bpróiseas chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag pleananna foraoiseachta ar sheandálaíocht aitheanta an cheantair a aithint.

6. Coinneoidh Coillte cuntais ar na láithreáin seandálaíochta uile atá á mbaint de bharr na forbartha foraoiseachta.
7. Coinneoidh Coillte cuntas ar aon séadchomhartha eile nó ar aon láithreán seandálaíochta eile a n-aithnítear a luach, a thagtar air le linn na n-oibreacha foraoiseachta, agus cuirfidh siad go leor ama ar fáil leis an gcuntas seo a chur i riocht a bheidh sásúil don Aire.
8. Cinnteoidh Coillte go ndéanfaidh a sheandálaí comhoibriú leis an tSeirbhís Foraoiseachta maidir lena chlár oibre agus a chuid impleachtaí ar an oidhreacht seandálaíochta; san áireamh anseo beidh, más gá, freastal ar chruinnithe láithreáin leis an gconraitheoir a ainmníodh le plé leis na tionscnaimh foraoiseachta.
9. Déanfaidh Coillte comhoibriú leis an Aire maidir le himpleachtaí don oidhreacht seandálaíochta a bhainfeadh le hathruithe a mholfai ar chlár foraoiseachta an chonraitheora.



Achoimre ar na Treoirlínte Foraoiseachta agus Seandálaíochta Iúil 2000

Ní mór d'úinéirí talún iad féin a chur ar an eolas faoi láithreáin a bhfuil taifeadadh déanta orthu atá ar a gcuid talún.

1. Caomhnófar na láithreáin seandálaíochta trí: -
 - An láithreán agus a mhéid a aithint.
 - Crios maolaitheach/toirmeascach a chruthú thart timeall an láithreáin.
 - Dúchas a chur ar an eolas i bhfoirm scríofa dhá mhí sula gcuirtear tús leis an bhforbairt.

2. Caitheamh leis na láithreáin seandálaíochta. Aithneofar teorainneacha na láithreán agus márcálfar na criosanna toirmeascacha.

Ní bheidh na Criosanna:

 - Níos lú ná 15 méadar ó theorainn sheachtrach an láithreáin.
 - Ní bheidh cuailí ná scagairí iontu.
 - Ní úsáidfear na criosanna le haghaidh stórala ná le haghaidh aon rud a dhéanfadh damáiste dóibh.
 - Ní tharlóidh aon oibreacha foraoiseachta laistigh díobh.
 - Cuirfear claíochá timpeall ar na criosanna toirmeascacha ar na láithreáin tógala/athchoilleoireachta ar fad.

3. Rochtain Choistithe chuig na Láithreáin
 - Beidh rochtain ag coisithe le linn na hoibre.
 - Fágfar cosáin rochtana atá ann cheana féin gan phlandáil.
 - Beidh na cosáin rochtana 4 méadar ar leithead agus fágfar an áit idir iad agus an bóthar poiblí, bóthar nó cosán foraoise is gaire gan phlandáil.
 - Beidh na cosáin rochtana inaitheanta ón bplandáil a dhéanfar ar a n-imill: speiceas neamhthrádalacha le duilleoga leathana a chuirfear.

4. Má thagtar ar Nithe Seandálaíochta.
 - Déanfar teagmháil le Seandálaí an Chomhlachta, a chuirfidh Dúchas, Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann agus na Gardaí ar an eolas faoi.
 - Cuirfear stop leis an obair ar fad atá ar siúl gar don áit ar an bpointe.
 - Ní bhogfar aon nithe / lámhdhéantúsáin.
 - Cruthófar crios maolaitheach/toirmeascach 20 méadar ar a laghad timpeall air go dtí go ndéanfar na fiosruithe.
 - Athrófar na hoibreacha ar fad chuig áit eile ar an láithreán.



5. Coilleoireacht & Athchoilleoireacht
 - Cuirfear Dúchas ar an eolas sula dtosaíonn aon fhorbairt.
 - Aithneofar an crios maolaitheach agus marcálfar go soiléir ar an láithreán é.
 - Cuirfear clai timpeall an láithreáin/séadchomhartha sean-dálaíochta agus a chrios maolaitheach.
 - Cinnteofar go bhfuil an fhoireann oibre uile ar an eolas faoin áit agus faoi aon bhaic eile atá i gceist.
6. Leagan Crainn agus Láithreáin Seandálaíochta.
 - Marcálfar Láithreáin Leagan Crainn trí:
 - Úsáidfear doruithe geala daite le teorainn an láithreáin agus a chreasa thoirmeascaigh a mharcáil.
 - Cuirfear péint ar na crainn atá ag teorainn an chreasa thoirmeascaigh.
 - Cinnteofar go bhfuil an fhoireann oibre ar an eolas faoin áit agus faoi aon bhaic eile atá i gceist.
7. Le linn oibreacha leagan crainn bainfidh na conraitheoirí úsáid as:-
 - Sábh láimhe (sábh slabhra) ar láithreáin áirithe.
 - Ábhar cosanta ar rotha próiseálaithe agus innealra eile.
 - Ní bhainfear úsáid as innealra trom ar an láithrean seandálaíochta gan dul i gcomhairle leis an seandálaí monatóireachta roimh ré.



8. Tógáil Bóithre agus Nithe Seandálaíochta.
 - Marcálfar na criosanna toirmeascacha go soiléir ar an talamh.
 - Cuirfear gach ball foirne a mbaineann sé leo ar an eolas faoi na baic.
9. Má thagtar ar Láithreáin/Shéadchomharthaí nach bhfuil taifead déanta orthu.
 - Cuirfear an Seandálaí Comhlachta ar an eolas ar an bpointe.
 - Scarfar amach an láithreán agus cuirfear crios toirmeascach de 20 méadar ar a laghad timpeall air.
 - Déanfar obair athchóirithe de réir plean aontaithe seandálaíochta.
 - Coinneofar cuntas ar shuíomh agus ar shonraí an láithreáin.
10. Láithreáin nach cinn seandálaíochta iad.
 - Beidh crios maolaitheach de chúig mhéadar ar a laghad i gceist i gcomhair oibreacha carnaithe.
 - Beidh crios maolaitheach de dhá mhéadar ar a laghad i gceist i gcás plandála.
 - Ba cheart speiceas le duilleoga leathana a phlandáil (beith más féidir).
 - Ba cheart seanbhallaí cloiche a choinneáil i gcónaí más féidir.
 - Má fhaightear réidh le píosa de bhalla nó má dhéantar damáiste dó, NÍOR cheart é a ath-thógáil, mar go mbeidh an píosa nua éagsúil leis an mbunbhalla.